Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9197/23**

**INF 101**
**API 74**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Mheitheal um Fhaisnéis |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8311/23 |
| Ábhar: | An 21ú tuarascáil bhliantúil ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin |

1. Foráiltear le hAirteagal 17(1) de Rialachán 1049/2001 maidir le rochtain ar dhoiciméid, nach mór do gach institiúid tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin an bhliain roimhe sin.

2. Aithnítear sa dréacht-tuarascáil bhliantúil don bhliain 2022 na príomhthreochtaí agus na príomhghnéithe a bhaineann le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid de chuid na Comhairle agus déantar athbhreithniú ar ghearáin chuig an Ombudsman chomh maith le rialuithe arna dtabhairt ag na Cúirteanna Eorpacha i gcásanna a bhaineann le cur chun feidhme an rialacháin ag na hinstitiúidí. Leanann tuarascáil 2022 an leagan amach nua giorraithe atá ann le blianta beaga anuas, ós rud é go bhfuil na sonraí staidrimh a sholáthraíonn an bonn don tuarascáil ar fáil anois mar shonraí oscailte ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

3. Cuireadh an dréacht-tuarascáil bhliantúil maidir le rochtain ar dhoiciméid de chuid na Comhairle don bhliain 2022[1] faoi bhráid na Meithle um Fhaisnéis agus tháinig sí ar chomhaontú ina leith ag an gcruinniú a bhí aici an 27 Aibreán 2023.

4. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an tuarascáil bhliantúil, a leagtar amach in 8311/23, a fhormheas mar mhír 'A' ar a clár oibre.

---

[1] 8311/23.